RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/529 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Nollaig 2020

lena leagtar síos caighdeáin theicniúla rialála lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 a mhéid a bhaineann le coigeartú tairseacha leachtachta agus peircintílí trádála a úsáidtear chun an méid atá sonrach don ionstraim is infheidhme maidir le hionstraimí neamhchothromais áirithe a chinneadh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([1]), agus go háirithe an tríú fomhír d'Airteagal 9(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ([2]) ón gCoimisiún na ceanglais trédhearcachta is infheidhme maidir le bannaí, táirgí airgeadais struchtúraithe, lamháltais astaíochtaí agus díorthaigh. D'fhonn cur chun feidhme rianúil na gceanglas sin a áirithiú, tugadh isteach leis an Rialachán Tarmligthe seo céimniú isteach bliantúil maidir le cur i bhfeidhm tairseacha trédhearcachta áirithe thar thréimhse 4 bliana, ó 2019 ar aghaidh. Leis an gcéimniú isteach sin, is féidir cur i bhfeidhm na n-oibleagáidí trédhearcachta comhfhreagracha a leathnú de réir a chéile. Baineann sé sin go háirithe leis an gcritéar maidir le "meánlíon laethúil na dtrádálacha" a úsáidtear chun bannaí a chinneadh a bhfuil margadh leachtach ann ina leith agus chun na peircintílí trádála a chinneadh a úsáidtear chun an méid atá sonrach don ionstraim a chinneadh lena gceadaítear oibleagáidí trédhearcachta réamhthrádála a tharscaoileadh.

(2) Faoin gcur chuige céimnithe sin, ní théitear ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile go huathoibríoch. Ceanglaítear ar an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) a mheasúnú bliantúil ar a oiriúnaí a bheadh sé dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ní mór go ndéanfar anailís trí mheasúnú ESMA ar éabhlóid méideanna trádála i gcás na n-ionstraimí airgeadais lena mbaineann faoin gcéim reatha agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile ar an leachtacht atá ar fáil agus ar rannpháirtithe margaidh araon a thuar. Má tá údar cuí leis, ceanglaítear ar ESMA caighdeán rialála athbhreithnithe a chur isteach, mar aon lena thuarascáil, chun go bhféadfaidh sé dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile.

(3) Chuir ESMA a mheasúnú agus a chaighdeáin rialála athbhreithnithe faoi bhráid an Choimisiúin an 23 Iúil 2020. Tháinig ESMA ar an gconclúid gur measadh gur bannaí leachtacha iad idir 0,15 % agus 0,31 % de na bannaí arna dtrádáil idir an ceathrú ráithe de 2018 agus an tríú ráithe de 2019, de réir na gcritéar a bhfuil feidhm leo i gcéim S1. Bheadh méadú thart ar 50 % i gceist le dul ar aghaidh chuig céim S2. Maidir leis an méid atá sonrach don ionstraim, tháinig ESMA ar an gconclúid gur tharla 16 % de mhéid barúlach trádála na mbannaí ceannasacha agus 6 % de bhannaí eile faoin tarscaoileadh a bhaineann le méid atá sonrach don ionstraim i gcéim S1. Leis an aistriú chuig céim S2, ba cheart go n-áiritheofaí go mbeadh níos lú trádálacha bannaí incháilithe don tarscaoileadh sin.

(4) Agus an measúnú a rinne ESMA á chur san áireamh, is iomchuí dul ar aghaidh chuig céim S2 chun bannaí a chinneadh a bhfuil margadh leachtach ann ina leith agus chun an méid atá sonrach don ionstraim le haghaidh bannaí a chinneadh. Leis an aistriú chuig céim S2, ba cheart go méadófaí an leibhéal trédhearcachta atá ar fáil sa mhargadh bannaí gan aon tionchar diúltach a bheith ar leachtacht. Mar sin féin, ós rud é nár foilsíodh na chéad ríomhanna trédhearcachta bliantúla a rinne ESMA ach i mbliana amháin i gcás ionstraimí neamhchothromais eile seachas bannaí, ní raibh dóthain fianaise ann chun dul ar aghaidh chuig céim S2 i gcás aicmí eile d'ionstraimí airgeadais.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 a leasú dá réir sin,

([1]) IO L 173, 12.6.2014, lch. 84.
([2]) IO L 87, 31.3.2017, lch. 229.

(6) Is ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag ESMA atá an Rialachán seo bunaithe.

(7) Tá comhairliúcháin phoiblí oscailte déanta ag ESMA maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, tá anailís déanta aige ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583

Leasaítear Airteagal 17 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Chun na bannaí nach bhfuil margadh leachtach ann ina leith a chinneadh chun críocha Airteagal 6 agus de réir na modheolaíochta a shonraítear i bpointe (b) d'Airteagal 13(1), glacfar leis an gcur chuige i leith an chritéir leachtachta "meánlíon laethúil na dtrádálacha" agus "meánlíon laethúil na dtrádálacha" a chomhfhreagraíonn do chéim S2 (deich dtrádáil laethúil) á chur i bhfeidhm.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Chun an méid atá sonrach don ionstraim airgeadais a chinneadh chun críocha Airteagal 5 agus de réir na modheolaíochta a shonraítear faoi phointe (b)(i) d'Airteagal 13(2), úsáidfear an cur chuige maidir leis an bpeircintíl trádála a chuirfear i bhfeidhm agus an pheircintíl trádála a chomhfhreagraíonn do chéim S2 (an daicheadú peircintíl) á cur i bhfeidhm.

Chun an méid atá sonrach don ionstraim airgeadais a chinneadh chun críocha Airteagal 5 agus de réir na modheolaíochta a shonraítear faoi phointí (b)(ii), (iii) agus (iv) d'Airteagal 13(2), úsáidfear an cur chuige don pheircintíl trádála a chuirfear i bhfeidhm agus an pheircintíl trádála a chomhfhreagraíonn do chéim S1 (an tríochadú peircintíl) á cur i bhfeidhm.".

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Nollaig 2020

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).